

✿ An Lúibín ✿

30 Aibreán 2009

Deontais thar lear

The Irish government is subsidising databases at home and the study of Irish at tertiary level abroad. In the meantime, the language continues to be subsidised in Gaeltacht households.

Uaireanta tá na pingíní flúirseach agus uaireanta tá siad gann. Faoi láthair tá siad gann, rud nár bhac Éamon Ó Cuív, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ar €700,000 a sholáthar chun cuidiú le múineadh na Gaeilge thar sáile.

Trí Chiste na Gaeilge a thagann an t-airgead, sin é le rá, tríd an bhFo-Chiste d'Institiúidí Tríú Leibhéal Thar Lear, foras (nó fofhoras) atá ag dáileadh an óir ón mbliain 2006 i leith chun teagasc na teanga a spreagadh. Ag seo cuid den liosta:

Fulbright Commission	€231,000
Fondúireacht Ollscoil Éireann-Cheanada	€200,000
Ollscoil St. Thomas, Texas, SAM	€57,993
Ollscoil Montana, SAM	€60,000
Ollscoil Utrecht, An Ísiltír	€30,000
Ollscoil Sheffield, Sasana	€28,183
Ollscoil Pittsburgh, SAM	€25,000
Ollscoil Cardiff, An Bhreatain Bheag	€22,000
Ollscoil Dún Éideann, Albain	€18,250
Ollscoil Freiburg, An Ghearmáin	€18,100
Ollscoil Adam Mickiewicz, Poznan, An Pholainn	€17,000
Ollscoil St. Thomas, Minnesota, SAM	€14,778
Ollscoil Karlova, Prág, Poblacht na Seice	€11,000

IOMLÁN: €733,304

Tá airgead faighte ag breis is daichead ollscoil agus institiúid tríú leibhéal eile chun an teanga a chur chun cinn, agus is é an foras a fuair an deontas ba mhó an Fulbright Commission – clár cómhairte rialtais na hÉireann agus Mheiriceá. Déanann an Coimisiún cúntóirí teagaisc Ghaeilge a cheapadh i bhforais tríú leibhéal sna Stáit. Mar a dúirt an tAire, formhór na scoláirí a bhfoghlaímíonn an Ghaeilge ina dtíortha féin leanann siad den fhoghlaím sin thall in Éirinn.

An Ghaeltacht

Níor stad an Stát fós d'airgead a íoc do theaghlaigh sa Ghaeltacht chun labhairt na Gaeilge a ghríosú, cé gur beag fianaise atá ann go bhfuil an scéim ag dul i bhfónamh don teanga. Is féidir €260 a íoc le teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge, agus íocadh beagán níos lú ná €700,000 anuraidh.

Déanann cigirí ón Roinn na páistí a thriail ar scoil féachaint an bhfuil an cumas ceart cainte acu. Má chreideann an cigire nach bhfuil ach gur féidir an caighdeán ceart a bhaint amach i gceann trí bliana, tugtar deontas 50% don teaghlach.

Focail

D'fhógair an tAire go dtabharfaí deontas €1,055,94 do DCU i mbliana le haghaidh bunachar sonraí a bhainfeadh le focail Ghaeilge i ngnóthaí dlí agus AE, agus deontas €257,334 le haghaidh bunachar náisiúnta logainmneacha.

Gheobhaidh NUI Má Nuad €82,546 chun cuidiú le scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge a leagan amach, agus gheobhaidh Acadamh Ríoga na hÉireann cabhair airgid don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge (www.focloir.ie).



Na hÉireannaigh agus a gcuid Gaeilge

A new survey shows an expansion in the use of Irish and a narrowing of the social base.

Taispeánann suirbhé a rinne NUI Má Nuad, le maoiniú ón rialtas, go gceapann leath na ndaoine a ceistíodh go bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu, agus go labhraíonn 25% go rialta í. Sa 'Pháil' (Co Bhaile Átha Cliath) atá an chuid is mó díobh siúd. Deir an staidéar ('An Ghaeilge agus Muintir na hÉireann') go bhfuil an teanga chomh láidir sin anois go bhféadfaí í a úsáid de rogha ar an mBéarla.

Rinne an staidéar faoi stiúradh an Dr Mícheál Mac Gréil SJ agus Fergal Rhatigan. Rinneadh suirbhé ar 1,015 duine idir Mí na Samhna agus Mí Mhárta: dúirt 41.9% sa phríomhchathair gur chóir an teanga a athbheochan le hais 48.5% i réigiúin an láriarthair agus an oirdheiscirt. 34.1% a bhí i bhfábhar na teanga cois teorann, i lár na tíre agus san iarthar, agus 38.4 sa láriarthar agus san iardheisceart.

Dúirt an Dr Mac Gréil nach loitfeadh féinmheasúnacht daoine ar a gcumas cainte na figiúirí, mar nach n-inseodh daoine bréaga agus iad ag tabhairt eolais gan ainm, agus dá mbeadh figiúirí neamhchruinne ann go n-aimseofaí iad sular foilsíodh an suirbhé. Dúirt nach raibh an oiread sin daoine le Gaeilge ann ó aimsire an Drochshaoil anuas, agus go bhfuil an teanga ag éirí níos treise i measc daoine oilte a bhfuil poist mhaithe acu.

Deir an Dr Mac Gréil gur maith an rud é go bhfuil stádas na teanga ag treisiú, ós air sin atá a rath ag brath. Ach tá imní air faoin líon beag daoine de chuid na hÍsealaicme a úsáideann í. Dúirt 42% díobh gurbh fhéidir leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge ach ní dúirt ach duine as gach ceathrar (10.9%) go n-úsáideann siad go tráthrialta í. Níor mhór an tsuim, ach oiread, atá ag daoine ar bheagán oideachais in athbheochan na teanga le hais daoine ardoilte.

Maidir le daoine a bhfuil poist mhaithe acu, dúirt 64% díobh go bhféadfaidís a gcomhrá a dhéanamh i nGaeilge, agus dúirt 35% díobh go mbaineann siad feidhm as an teanga go tráthrialta.

Is fada daoine á rá, i ndáiríre, gurb é is dóichí go ndéanfar uirlis chultúrtha de chuid na scothaicme di - teanga dochtúirí, lucht léinn agus ardstátseirbhíseach. Bheadh roinnt éigin di á húsáid ag péintéirí tí agus ag freastalaithe siopa - aicme a raibh Gaeilgeoirí le fáil ina measc riamh. Tríd is tríd, áfach, beidh blas ardnósach ar an teanga. (Tá le tuiscint as so freisin gur beag an bhaint a bheidh ag an tseanGhaeltacht leis an scéal.)

Dearcadh diúltach, agus dearcadh atá ag cuid mhaith, b'fhéidir, atá curtha in iúl ar an mblag *Gombeen Nation*. Tá mo dhuine ar an gcuid sin de ghnáthphobal na hÉireann nach fiú leo an teanga a athbheochan - 59%, mar a deir an tuarascáil. Cuireann sé ar ár súile dúinn go measann 32% as an 41% atá ar son 'athbheochana' gur cóir an Béarla a bheith chun tosaigh. Deir sé cúpla focal searbh faoin aird atá ag an Roinn ar a leas féin agus cuireann ceist faoin ngá atá le tacaíocht an Stáit má tá fíor-éileamh ar an teanga. Féach <http://gombeennation.blogspot.com/2009/04/irish-language-survey.html>.



Cúnamh an Chonartha

The Gaelic League is anxious to see that full use is made of official services in Irish.

Is fada ó bhí Conradh na Gaeilge i dteann a réime, ach níor lagaigh a dhíograis riamh. Níl doicheall ar bith orthu roimh an maoiniú agus na scéimeanna teanga atá á soláthar ag an Stát, agus mar a deir siad, tá an iliomad seirbhísí Gaeilge ar fáil anois – an iomarca, b'fhéidir, ó tá sé rídheacair uaireanta a fháil amach cén ceann acu a d'oirfeadh duit.

Seans go bhfaighfeá amach, áfach, nach bhfuil an tseirbhís atá uait ann ar chor ar bith. Glac do mhisneach, a Bhanba: is féidir leat an t-eolas sin a thabhairt don Chonradh, agus beidh d'éileamh mar chuid den chéad aighneacht eile a chuirfear chun an roinn rialtais nó chuig an eagraíocht stáit is cuí chuige. Is féidir leat an t-eolas a chur chun an Chonartha ag glacleis@cnag.ie.

Is léir go bhfuil na fíréin ar a dteann díchill ag baint tairbhe as féile an rialtais, féile nach bhfacthas a leithéid ó bunaíodh an Saor-Stát – agus ní á mhaíomh orthu é. Ní fios, áfach, an leor an líon Gaeilgeoirí atá anois ann chun tairbhe a bhaint as na seirbhísí úd. Tá bá éigin ag an *plain people of Ireland* leis an teanga (tá na suirbhéanna ann lena chruthú, bail ó Dhia orthu) ach is fada go gcuimhneoidís ar dhul chun cainte inti le Gaeilgeoir éigin de státseirbhíseach. Fágтар sin faoi dhream eile - an scothaicme uirbeach úd a bhfáiscfear an chéad ghlúin eile de chainteoirí dúchais aisti.

Aimsir mhaith chugainn, mar a dúirt an bhean nuair a fuair sí a fear báite.



Féile Mhic Dara

A festival of sail in Irish on TG4.

Píosa eolais ó Thomás de Bhaldrathe i Sydney, fear a bhfuil an-taithí aige ar chúrsaí farraige.

Tá clár an-suimiúil le fáil sa chartlann ar www.tg4.ie. Brúigh an cnaipe TG4BEO in uachtar ar thaobh do lámhe deise. Oscail SPÓRT agus lean ort síos chun *Ar Bharr na dTonn*. Síos ansin chomh fada le *Féile Mhic Dara*, ócáid sheoltóireachta atá i nGaeilge ar fad.

Tá fios a ghnó ag Tomás sna cúrsaí seo: bhí sé páirteach sna geallta bád ar feadh na mblianta agus i mbun an choiste a d'eagraigh na féilte.

Is fada an stair mhara atá ag na hÉireannaigh, agus b'fhéidir nach bhfuil eolas go leor ag daoine uirthi. Is iomaí Éireannach nach bhfaca an fharraige riamh sa seansaol, ach tá an tseoltóireacht fite fuaite i ndúchas na Gaeilge – rud a chuireann an fhéile seo i gcuimhne dúinn.

Ná bristear na báid.



Greannmhar

Comic Irish.

Deir duine de lucht léitheoireachta *An Lúibín*, Seanán Ó Coistín, linn go mb'fhéidir gurbh fhiú linn súil a chaitheamh ar shuíomh grinn dá chuid – www.greannmhar.com. Is aisteach iad na híomhánna, agus tá rudaí eile ann - scéalta greannmhara, físeáin ghreannmhara, seanfhocail shaobha agus naisc.

Tá fáilte ag an gCoistíneach roimh do chuid tuairimí.



Táin Bó Cuailgne

Sa *Newman-St Mary's Academic Centre* (Ollscoil Mhelbourne) tá dhá lámhscríbhinn Ghaeilge de chuid an 19ú haois, agus baint acu le bailiúcháin Niocláis Uí Dhomhnaill. Anois tá ceann acu, leagan den seanscéal cáiliúil **Táin Bó Cuailgne**, le feiceáil ar an suíomh seo:

<http://www.isos.dias.ie/irish/index.html>

An scríobhaí Seosamh Ó Longáin (1817–80) a bhreac an Táin sa bhliain 1862. Clliceáil ar <An Astráil> agus ansin ar <MS Táin Bó Cuailgne>.

Is iomaí duine a chuidigh leis an obair agus an lámhscríbhinn seo á cur ar fáil, agus ní foláir tagairt a dhéanamh d'Angela Gehrig, leabharlannaí an Lárionaid, agus don Ollamh Pádraig Ó Macháin, Scoil an Léinn Cheiltigh, Baile Átha Cliath. Déanfaimid trácht arís ar an lámhscríbhinn.

Diarmuid agus Gráinne

What the first productions of Micheál Mac Liammóir's famous play tell us about myth and modernity.

Ar 28/4/09 bhí seimineár i gColáiste Newman, Ollscoil Mhelbourne, agus an Dr Anne Pulju (Northwestern University, Chicago) mar phríomhchainteoir: 'Mac Liammóir's *Diarmuid and Gráinne*: Myth, Modernity and Theatre in the Irish Free State'.

Tá leaganacha den dráma seo i nGaeilge agus i mBéarla, cé gurb é an leagan Gaeilge amháin a foilsíodh. Léiríodh an leagan Gaeilge i nGaillimh sna fichidí, agus ba ghearr go raibh an leagan Béarla á léiriú i mBaile Átha Cliath.

I dTaibhdhearc na Gaillimhe a fuair an dráma a chéad léiriú. Bunaíodh an amharclann sa bhliain 1927 agus í faoi stiúradh iarthrodaire de chuid Sheachtain na Cásca, Liam Ó Briain. Cé nach raibh rialtas an tSaor-Stáit róthugtha do chothú na n-ealaíon thug sé suim mhaith airgid don Taibhdhearc. Bhí na haisteoirí ina n-amaitéaraigh agus gá acu le hoiliúint, agus ar ámharaí an tsaol tháinig complacht Anew McMaster an treo, foireann phroifisiúnta a raibh Mícheál Mac Liammóir ina bhall di.

Duine ar leith ba ea Mac Liammóir: Sasanach meánaicmeach ó Londain a thosaigh ag aisteoireacht agus é an-óg, a d'fhoghlaim ealaín sa Slade, a d'fhoghlaim Gaeilge i gcraobh den Chonradh i Londain agus a chaith tamall i mBaile Átha Cliath. Chum sé sinsir Éireannacha dó féin agus thug le fios gur chineál de chainteoir dúchais é. Bhí Gaeilge ar a thoil aige agus an-lámh aige ar dheardh agus ar imeartas solais. Bhí a pháirtí, Hilton Edwards (Sasanach eile), an-oilte ar chúrsaí drámaíochta freisin. D'fháiltigh an Brianach rompu. Agus thug Mac Liammóir rud eile leis: dráma nua-scríofa Gaeilge.

Nuair a léiríodh *Diarmuid agus Gráinne* ba dheacair léirmheastóir a fháil a lochtódh é. Mac Liammóir a dhear na cultacha áille, iad Ceilteach agus nua-aoisíoch le chéile, agus bhí an-slacht ar an imeartas solais. Dúradh go raibh 'dínit' ag baint leis na aisteoireacht. Thaitin náisiúnachas rómánsach an léirithe leis an lucht léirmheastóireachta; dúradh gur thuar ratha é an léiriú don drámaíocht Ghaeilge san am a bhí le teacht.

Scéal eile a bhí ann i mBaile Átha Cliath, áit a raibh Mac Liammóir agus Edwards chun amharclann dá gcuid féin a bhunú mar a léireofaí drámaí nua-aimseartha i stíl nua-aoisí. B'in an *Gate*; ach léiríodh na chéad drámaí sa Phéacóg - *Peer Gynt*, *The Hairy Ape* (Eugene O'Neill) agus (go haimhréir agus i mBéarla) *Diarmuid agus Gráinne*. Ba sciamhach an léiriú é, ach an uair seo níor mheall an náisiúnachas rómánsach na léirmheastóirí. B'eo saol nua agus dearcadh nua, agus (mar a d'admhaigh an t-údar féin níos déanaí) bhí a lochtanna féin ar an scríbhneoireacht.

Chuir Anne in iúl go raibh léargas le fáil anseo ar an difríocht a bhí idir dhá leagan den nua-aoiseachas – an saghas náisiúnachais chultúrtha a bhí faoi anáil na hAthbheochana agus saol níos tuire ar ghnách leis a mheon iar-rómánsach a nochtadh trí Bhéarla. Déarfá gur tugadh iarracht ar an dá rud a nascadh le chéile, iarracht a chlis; agus ní malairt teanga ba chúis leis sin ach malairt aigne. B'fhéidir gur chaill an dráma seo léim an dá bhruach: níor dhráma fíor-réalaíoch é ná dráma nua-aoisí ach oiread. Agus ní raibh rath ar an drámaíocht nua-aoisí féin i mBaile Átha Cliath ach oiread, d'ainneoin eispreiseanachas iontach an Gate faoi stiúradh Mhic Liammóir agus Edwards; rud é a bhí ag brath ar éirim agus fhuinneamh na beirte úd féin.

Ní raibh ach scata beag ag an seimineár agus ba mhór an trua é, mar lean díospóireacht bhríomhar faoi ábhar an dráma agus faoi Mhac Liammóir féin é. Pléadh friotal an dráma, staid na drámaíochta ansin agus anois, tábhacht na léiritheoirí féin agus a mbeadh i ndán don Ghaeilge ar an ardán.

Ar 19/5/09 a bheidh an chéad seimineár eile. An tOllamh Anders Ahlqvist (Ollscoil Shydney) a bheidh ag caint.



Montsarat

Irish came to the West Indies in the 17th century, even before the transportations under Cromwell. It lived longest on the island of Montserrat, but just how long is not certain.

Ar 27/6/1905 foilsíodh litir ar *The Atheneum* ó W.F. Butler áirithe. Is é ab ábhar di an 'Irish element' i gcaint na ndaoine gorma sna hIndiacha Thiar, agus tá eolas inti a fuair an scríbhneoir ó 'Mr. C. Cremen, Cork Harbour Commissioners' Office'. Bhíodh longa ag gabháil siar is aniar idir Corcaigh agus na hIndiacha Thiar, agus rinne an tUasal Cremen tagairt do shean-nath a bhíodh i mbéal mhairnéalaigh Chorcaí: 'I Montsarat, áit a labhraíonn na daoine gorma Gaeilge'.

Bhí aithne mhaith ag Cremen ar iarmhairnéalach darbh ainm Seán Ó Donnabháin, fear a rugadh sa Rinn agus Gaolainn ar a thoil aige dá bharr. Is minic a dúirt an Donnabhánach le Cremen go ndeachaigh sé i dtír ar an oileán sa bhliain 1852 agus é ina mháta ar an mbruig *Kaloolah*. Ba mhór an t-iontas a tháinig air nuair a chuala sé na daoine gorma ag labhairt Gaeilge eatarthu féin, agus chuaigh sé chun cainte leo. Ba mór an t-iontas a bhí ar na daoine gorma féin nuair a chuala siad Gaolainn an Donnabhánaigh, agus nuair a dúirt sé leo gurbh as Co Chorcaí dó dúirt duine acu: 'Is í sin Corcaigh na gcuan'. Faoin am ar scríobhadh an litir bhí an Donnabhánach marbh.¹

Is cinnte nach raibh easpa Gaeilge ar na mílte Éireannach a bhain amach na hIndiacha Thiar ón 17ú haois amach; agus is cinnte freisin nach bhfuil focal ar bith den teanga sin le cloisteáil anois i Montsarat.

Ceann de na hoileáin iarBhriotanacha i ndeisceart Mhuir Chairib is ea Montsarat; d'fhódaigh na Sasanaigh iad féin ann sa bhliain 1632 agus chuaigh i mbun shaothrú an tsiúcra. Ar na hoileáin uile bhí gá le hoibrithe, agus i bhfad roimh aimsir Chromail bhí Éireannaigh ag dul ann ina seirbhísigh dhintiúir. Bheidís ag obair ann ar feadh cúig bliana nó seacht mbliana agus gheobhaidís glac airgid nó giota talún nuair a bheadh a dtéarma istigh.

Bhí tarraingt Éireannach, idir mhná agus fhir, ar na hoileáin chomh luath leis na 1630í, as Co Chorcaí go mór mór, cé gur dócha gur beag duine acu a mbeadh súil aige le brothall Mhuir Chairib. Sna 1650í, le linn Chromail, tháinig na mílte ina ndeoraithe, idir fhir, mhná agus pháistí. Dála an dreama a tháinig rompu, thug siad Gaeilge leo – Gaeilge Chúige Mumhan go minic. De ghnáth bhaintí a oiread oibre agus ab fhéidir astu i rith thréimhse a ndintiúir; ansin gheobhaidís roinnt acraí nó rachaidís ar fán.

¹ Luaite in *Cín Lae Amhlaoibh*, eag. Tomás de Bhaldraithe, lgh 84-5. An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath, 1976 (an tríú cló).

Bhí daoir ghorma á dtabhairt isteach faoin am sin, agus ba ghearr gur mhó a líon ná líon na ndaoine bána. Bhí eagla a n-anama ar na máistrí roimh na hÉireannaigh agus roimh an dream gorm araon, agus ní gan chúis é. Bhí an dá dhream chomh míréireach lena chéile, agus ba nós ag na hÉireannaigh cuidiú leis na Francaigh, naimhde Shasana i Muir Chairib, cé gur mhó an t-eagla a bhí ar na húdaráis go rachadh Éireannaigh agus daoir i gcomhcheilg le chéile – rud a rinne siad ó am go chéile. Idir an dá linn, bhí glúin mheasctha ag teacht ar an saol, daoine de shliocht Afracach agus Gaelach.

Ba mhinic na hÉireannaigh ina máistrí iad féin. Is iomaí duine uasal a chaill a chuid tailte sa bhaile agus a thug faoin mbris a thabhairt isteach san Indiacha Thiar; na hiarsheirbhísigh féin, dá mbeadh píosa talún acu, cheannóidís roinnt daor. Agus lean ar dhream an dá shliocht ag dul i méid.

Bhí claonadh ag na húdaráis chun na hÉireannaigh a chaitheamh anuas ar oileán Mhontsarat in aimsir shuaite, agus sin gan trácht ar an méid acu a chuaigh a chónaí ann dá ndeoin féin. Sa bhliain 1667 dúradh gur bheag nár choilíneacht Éireannach é Montsarat, agus faoin mbliain 1677 b'Éireannaigh iad 69% de na fir bhána agus timpeall 70% de na mná. Cuireann na sloinnte in iúl gurbh as contaethe a raibh an Ghaeilge in uachtar dá bhformhór - Co an Chláir, Co na Gaillimhe, Co Phort Láirge agus eile. Sloinnte iad a thit ar a gclann agus ar chlann a gclainne, sliocht na gréine.

Ní deacair a shamhlú go bhféadfadh an teanga maireachtáil i Montsarat, díreach mar a mhaireann criól Francach fós ar oileán atá gar dó, St Kitts. Dealraíonn sé nár tugadh iarracht ar thaighde ceart a dhéanamh ar Ghaeilge an oileáin. Dá bhrí sin níl d'fhianaise againn uirthi ach corrfhocal a lonnigh sa Bhéarla agus corrchuntas tánaisteach den saghas a luadh thuas. (Pléitear ceist na Gaeilge sna hIndiacha Thiar in alt de chuid na Vicipéide: 'An Ghaeilge i Meiriceá agus i Muir Chairib,' http://ga.wikipedia.org/wiki/An_Ghaeilge_i_Meirice%C3%A1_agus_i_Muir_Chairib.)

'Maise mo ghrá croí na díbearthaigh bhochta Ghaelacha,' a scríobh Amhlaoibh Ó Súilleabháin, scoláire agus ceannaí, i gCo Chill Chainnigh sa bhliain 1831 tar éis dó a chloisteáil 'gurb í an teanga Ghaelach is teanga mháthartha i Montserrat san India Thiar'. Agus dúirt sé ina dhiaidh sin: 'Cia dubh bán iad is ionúin liomsa clanna Gael'.²

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.

² *ibid*, lgh 84-5.